

---

## Oibleagáidí an GSOC maidir le Cosaint agus Leas Leanaí

Tá leas an linbh fíorthábhachtach. Má tá aon imní ar Ombudsman an Gharda Síochána maidir le cosaint nó leas linbh, tá dualgas air an t-eolas seo a roinnt le TUSLA, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. A mhéid is féidir, pléifimid é seo leat ar dtús.

---

### Alt 110 Acht an Gharda Síochána, 2005

Is cion coiriúil é “faisnéis bhréagach nó mhíthreorach” a sholáthar go feasach do GSOC. D’fhéadfaí tú a ionchúiseamh má dhealraíonn sé go bhfuil sé seo déanta agat. D’fhéadfadh fíneáil agus/nó pianbhreith phríosúin a bheith mar thoradh air sin.

Go hachomair, ní mór don fhaisnéis a thugann tú a bheith fírinneach agus gan féachaint le GSOC a chur amú in aon ghearán nó imscrúdú. Má thugann tú faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, féadfaidh sé go mbeidh ort fíneáil suas le EUR 2,500 a íoc nó a bheith i bpríosún ar feadh suas le 6 mhí, nó iad araon.

---

### Úsáid Faisnéise

Is féidir do chuid faisnéise a nochtadh do thríú páirtithe ar nós an Gharda Síochána chun cur ar ár gcumas gearáin a imscrúdú go héifeachtach nó sa chás go bhfuil dualgas dlíthiúil orainn é sin a dhéanamh. Déantar é seo chun imscrúdú éifeachtach ar do ghearán a chinntiú.

I gcás ina bhfuil sé riachtanach agus comhréireach é sin a dhéanamh, féadfaimid faisnéis a roinnt le páirtithe eile in aon imeachtaí coiriúla nó sibhialta gaolmhara. Maidir le hionchúiseamh coiriúil, áirítear leis seo faisnéis a roinnt leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus féadfaidh an Stiúrthóir an fhaisnéis sin a roinnt ansin le páirtithe eile cosúil le finné nó daoine eile a aithnítear i do ghearán.

In imeacht sibhialta gaolmhar, áirítear leis sin faisnéis a roinnt le páirtithe eile de réir mar is gá de réir an dlí, lena n-áirítear Cúirt Dlí.